

# Le Solas Mo Chroí

# Foireann:

An Máistir ranga

Cigire

Cuairteoir sa rang (Máirtín, gasúr dall)

6 ghasúr

7 gcailín ainmnithe

Suíomh:

*Gnáthsheomra ranga i scoil tuaithe i bhfad ón bhaile mór agus go leor eile! Le linn cuairt an chigire tá an scoil i mbaol agus b'fhéidir go mbeadh an Roinn Oideachais chun é a dhúnadh muna bhfuil na páistí sásúil agus ar chaighdeán an Chigire. Tá orthu gach rud a bheith ar eolas acu agus cuidíonn Máirtín leo le rannta agus treoir le solas croí.*

Radharc:

*Tá an máistir istigh sa seomra leis féin ag cleachtadh gailf in áit a bheith ag ullmhú don rang atá ag imirt amuigh sa chlós ar maidin roimh am scoile. Níl dámh aige leis na páistí mar go bhfuil sé faoin tuairim nach bhfuil siad ábalta ar aon dóigh, agus siocair go bhfuil an téarma deireaneach chóir a bheith críochnaithe níl sé ach ag cur thart an t-am go mbeidh siad imithe. Buaileann an clog agus buaileann díomá an máistir. Tá sé ag caint leis féin, ag samhlú go bhfuil sé sa 'Ryder Cup' agus gur seo an poll a bhainfidh an cupa. Tig an rang isteach go callánach agus teipeann air an liathróid gailf a chur sa pholl!*

# Radharc 1

**Máistir:** “Agus seo anois é, an máistir ag an pholl deirneach, tá Birdie ag teastáil uaidh chun an cupa ‘Ryder’ a bhaint sa deireadh, glacann sé a am,...a haon, a dó a trí...arghhh!

*(Páistí na rith isteach agus mí-iompar ar siúl acu, tormán agus imirt le liathróid. Ligeann an máistir scairt amach as!)*

**Máistir:** Mo Bhardie! Chuir sibh amú orm é. Suígí síos, agus stadaigí den trup sin. Tá sibh mar a bheadh scaifte amadán ar oíche lánghéalai!

*(Suíonn na páistí síos ach tá siad go fóill ag amaidí agus ag útamáil.)*

**Máistir:** Anois, bainigí amach an obair bhaile go gceartóidh mé roinnt acu, táblaí méadú fá 7, dán ‘Raifteirí an File’ go bhfóire Dia orm!

**Séan:** Ní dhearna mé é, eh ... Rith mo pheann amach!

**Máistir:** Rith do pheann amach, bhuel cad chuige nár rith tú ina dhiaidh...céad líne duitse ag am lóin!

**Máire:** Rinne mise gach rud a mháistir, amharc!

**Máistir:**  $7 \times 2 = 9$ ! Faigh x más  $7x (x) = 21$ . Seo an x anseo! *(Taispeánann sí cá bhfuil an x sa chóipleabhar.)*

**Máistir:** Ara a óinseach, bhí tú in ainm luach x a fháil, nach bhfuil a fhios agam féin cá bhfuil an x, mise a chuir ann é!

**Máire:** Cad chuige ar chuir tú ceist orm má bhí fhios agat cén áit a raibh sé?

**Máistir:** ‘Gheall ar Dhia tabhair misneach dom...céad duine eile.

**Dónall:** Rinne mé dearmad mo chuid obair bhaile a dhéanamh!

**Máistir:** Oh tchím, an bhfaca tú an cluiche aréir?

**Pádraig:** Chonaic bhal, bhí sé ar dóigh, breis ama agus cic pionóis, mhair sé go dtí leath ... i ndiaidh ... a deich.

**Máistir:** Leath ... i ndiaidh ... a deich. Ní hiontas ar bith nach bhfuil sé déanta agat, céad líne duitse ag am lóin!

**Máistir:** Sin é, gach duine táblaí 7... méadú fá! Muna bhfuil sé ar eolas, céad líne ag am lóin.  $7 \times 3$ , tusa Eoin.

**Eoin:** Ehhh... $7 \times 3$ . *(Tosaíonn sé ag cuntas méara.)*

**Máistir:** Deifir, níl an mhaidin ar fad againn.

**Eoin:** Fan! (*Tosaíonn sé ag cuntas méara an pháiste in aice leis.*)

**Máistir:** Cad é faoin spéir atá tú ag iarraidh a chruthú?

**Eoin:** Níl go leor méara agam. (*Leanann sé leis ag cuntas.*)

**Máistir:** (*Lámha ar a cheann agus é ag croitheadh.*) Duine ar bith, 7x7?

**Nuala:** Tá fhios agamsa, 77!

**Máistir:** (*Ag amharc le dhá shúil mhór agus ionadh air.*)

**Nuala:**  $7 \times 7 = 77$ ,  $8 \times 8 = 88$ ,  $6 \times 6 = 66$ ,  $3 \times 3 = 33$ .....

**Máistir:** Sin go leor, céad líne daoibh go léir.

(*Bogann sé leis go dtí tíreolas.*)

**Máistir:** Cad é an abhainn is faide in Éirinn, ceist bheag dheas shimplí.

**Seoirse:** Mise a mháistir, abhainn ‘An Luinnigh’.

**Máistir:** Ní hé bhal, in ainm Dé, cad é a chur sin i do cheann?

**Seoirse:** Bhal sin an abhainn is faide a chonaic mise riamh!

**Máistir:** Caithfidh mé suí síos, níl seo maith ag duine. An Dán ‘Mise Raiftéirí an File, lán dóchas’ s...críochnaigh é...Sábha’.

**Sábha:** Mi...Mi...Mi...Mis....e. (*Tosaíonn sí ag caoineadh go hard.*)

**Máistir:** Tarraing tú féin le chéile, ‘Mise Raiftéirí an File’ ar aghaidh leat!

**Sábha:** Mi...Mi...Mis....waaahhh! (*Ag caoineadh gan stop, na cailíní eile ag iarraidh cuidiú léi.*)

**Máistir:** Sin go leor, tarraing tú féin le chéile, ag gliogarnaí ansin mar a bheadh lá fliuch ann. Ba chóir go mbeadh a fhios agam féin cén toradh a bheadh ar rudaí nuair a chuir mé ceist ortsa. Anois éist go cúramach. Tá cuairteoir ag teacht go dtí an rang inniu, cuairteoir speisialta é agus ba mhaith liom a chur in iúl daoibh go léir go bhfuil an gasúr seo... (*Briseann na páistí isteach ar lár an scéil agus éiríonn siad tógtha leis an scéal faoi cuairteoir úr, ní thugann siad seans don mháistir críochnú.*)

**Dónall:** Oh, bí geall go bhfuil sé maith ag imirt peile! Tá sé linne inniu ag am lóin.

**Treasa:** Níl sé bhal, níl Seán beag istigh inniu, againn a bheas sé sa chúl báire.

**Mícheál:** Fan go bhfeice sé mise ag imirt.

**Dónall:** Aha, tusa, fan go bhfeice sé mise, ag déanamh neadacha i do chuid cluas!

**Máistir:** Ach...

**Aoife:** Éist, ní bheidh suim dá laghad aige sa pheil nuair a fheicfidh sé mise!

**Ailbhe:** Tusa, ghlacfadh sé gloiní gréine a chur air leis an oiread slabhraí thart ar do mhuineál!

**Máistir:** Stop, níl an gasúr...

**Séimí:** Ghlacfadh sé masc a bheith air fa choinne an boladh perfume a choinneáil amuigh!

*(Tá na páistí uilig ag gáire go hard, tá an máistir ag iarraidh aird a fháil agus ní thugann siad an cuairteoir ag an doras faoi deara . Bíonn na páistí ina dtost.)*

**Máistir:** Ó fáilte isteach, bhí mé díreach ag rá leis an rang go raibh tú ag teacht ach ní bhfuair mé seans rá leo... a rá leo... go...

**Máirtín:** Go bhfuil mé dall!

**Máistir:** Sé...bhal... bhí mé díreach chun do scéal a insint ach bhí muid rud beag gnóthach. A pháistí, seo Máirtín, col ceathrar don sagart agus ba mhaith leis an lá a chaitheamh sa rang seo agus cuirigí fáilte mhór roimhe.

*(Tá na páistí ina suí agus béal oscailte ag gach duine acu, níl gíog ná míog sa rang.)*

**Máistir:** Seo bhal, suigh tú féin síos anseo, agus feicfidh tú...cluinfidh tú...tá súil againn go mbainfidh tú sult as an lá.

**Dónall:** Ní imreoidh sé cluiche ar bith.

**Na páistí eile le chéile:** Sshhhh!

**Máistir:** Bhuel, ciúnas sa deireadh! Conas a tháinig tú anseo a Mháirtín, cé a d'fhág anseo thú?

**Máirtín:** Tháinig mé liom féin a mháistir, bhí fhios agam an bealach. Ba ghnách liom siúl anseo go minic nuair a bheinn ar saoire, tá fhios agam an bealach chomh maith le cúl mó láimhe.

**Máistir:** Oh tchím go díreach, oh! Iontach...maith ar fad!

**Nuala:** Ach cén dóigh muna bhfuil tú ábalta feiceáil?

**Na páistí go léir:** Ssshhhh Nuala!

**Máirtín:** Tá sé ceart go leor. Tháinig mé anseo trí bheith ag éisteacht, ag mothú agus le solas mo chroí.

*(Ionadh an domhain ar na páistí go léir.)*

**Máistir:** Tá fáilte Uí Cheallaigh romhat a Mháirtín. Ceart go leor, ag leanúint ar aghaidh. Tugaigí amach bhur gcóipleabhar mata agus déanaigí na ceisteanna ar leathanach 12.

*(Tá ciúnas sa rang ar feadh seail, imíonn an máistir isteach ar chúl an chláir agus tógann sé an bata gailf arís chun cleachtadh. Ardaíonn an callán arís agus tá an rang chomh holc agus a bhí riamh.)*

**Nuala:** Tá an máistir ag cleachtadh arís, tá sé ar shiúl leis na féileacáin.

**Seoirse:** Tá sé ar shiúl leis na ‘Birdie’s’...dtuigeann tú ‘Birdie’s’!

*(Na páistí uilig ag gáire.)*

**Máistir:** Dúnaigí bhur mbéal agus leanaigí leis an obair, tá cuairteoir againn sa rang!

*(Leanann an obair ach bíonn gleo ag na páistí go dtí go bhfuil cuairteoir eile ag an doras.)*

**Cuairteoir:** Gabhaigí mo leithscéal agus maidin mhaith!

**Máistir:** *(Ag cromadh síos chun an liathróid gailf a thógáil agus ag freagairt.)* Sé, bhfuil tú ceart go leor?

**Cuairteoir:** Tá, go fóill! Is mise Síle Ní Churráin, Cigire...ón RRRRoinnn Oideachais!

**Máistir:** Óooo! Ón R-r-r-r...

**Pádraigín:** R-R-Roinn Oideachais. Tá mé anseo go bhfeicfidh mé conas atá an scoil agus an rang seo ag obair. Sé an RRRRRoinnn a d’iarr orm a theacht anseo! Tá súil agam go bhfuil sibh uilig ag obair go dian, ag cur an Curaclam i bhfeidhm, an dtuigeann túúúúú?

**Máistir:** Tuigeann, oh tuigeann go díreach! Ehmmm!

**Cigire:** Bhuel, cad é atá sibh ag déanamh i mata?

**Máistir:** Táblaí a...4, sé táblaí 4.

**Nuala:** Ní hé a mháistir, táblaí 7!

**Máistir:** Sé....(míshásta) Sé, gabh mó leithscéal, TÁBLAÍ 7!

**Cigire:** Agus Gaeilge?

**Máistir:** Bhuel, tá muid ag foghlaim filíochta agus a leithéidí.

**Cigire:** Go hiontach, ba chóir go mbeadh sé ar eolas acu go léir mar sin, inniu Dé hAoine!

*(Déanann an Máistir miongháire, ach ar chúl an chigire tá sé ag éirí tógtha.)*

**Cigire:** Aon rud eile?

**Seoirse:** Tíreolas, an abhainn is faide sa tír!

**Cigire:** Agus?

**Seoirse:** Abhainn an Luin...

**Máistir:** MAITH thú a Sheoirse, gabh mo leithscéal a Chigire, ach tá gasúr nua sa rang inniu ar cuairt agus...

**Cigire:** Maith go leor, beidh mé ar ais chugaibh ar ball! Caithfidh mé scairt a chur ar an RRRRRRoinnnn Oideachais le cur in iúl go bhfuil mé anseo.....NÓTAÍ?

**Máistir:** Nótaí? Óóóóó, nótaí! Sé go díreach, beidh mé leat láithreach.

**Cigire:** Maith go leor, beidh mé ar ais, ach rud beag amháin. Muna bhfuil an rang seo sásúil domhsa inniu, ní bheidh an dara rogha againn, sé sin, an R-r-r-r-roinnn oideachais, ach an scoil a dhúnadh. Ceart go leor!

**Máistir:** *(Titeann cibé nótaí atá aige as a lámha.)* Oh, gabh mo leithscéal, beidh mé amach chugat i mbomaite amháin, beidh mo chuid...

*(Imíonn an cigire amach sula bhfaigheann sé seans críochnú.)*

**Máistir:** Ar chuala sibh sin, an scoil a dhruidim, bhal bheadh sé chomh maith aici í a dhruidim anois má tá mé ag brath oraibhse. Nuala, tusa agus do bhéal mór, Seoirse, tú féin agus Abhainn an Luinnigh nach bhfuil a dhath níos mó ná sruthán. Bhal, beidh go leor ama agam don ghalf as seo amach, ní bheidh a dhath eile le déanamh agam.

*(Tógann sé na nótaí agus amach leis agus é breá tógtha! ag monabhar leis féin.)*

## Radharc 2

**Séimí:** Há há! Sin Birdie amháin nach raibh sé ag iarraidh a fháil.

**Treasa:** Tá sé istigh sa ghaineamh anois, suas go dtí a dhá chluas!

*(Páistí uilig ag gáire agus roimh i bhfad bíonn an rang ag amaidí srl.)*

**Caitlín:** Stopaigí! Nach dtuigeann sibh cad a tharlóidh daoibh má dhruideann siad an scoil?

**An rang go léir:** Ní thuigeann? ...saoire...scoil úr...máistir úr...srl

**Caitlín:** Ní hea! Caithfidh na girseacha imeacht go dtí scoil na gcailíní agus na gasúir chuig scoil na mbuachaillí. Níl a dhath maith faoi sin.

**Seoirse:** Scoil na ngasúr, caithfidh muid Blazers a bheith orainn, fiú sa tsamhradh.

**Aoife:** Oh a Dhia ár sábháil, muidinne agus sciortaí móra fada. Yuk, níl stíl ar bith acu, bheadh sin millteanach.

**Sean:** Bhal sin a bheas le tarlú dúinn nuair a bheidh an RRRRRoinnn réidh linn.

**Mícheál:** Caithfidh muid rud inteacht a dhéanamh.

**Ailbhe:** Gasta, tosaígí ag foghlaim na dtáblaí.

*(An rang go léir ag foghlaim na dtáblaí ach níl ag éirí leo. Buaileann Máirtín crúiscín folamh le cipín chun aird a fháil.)*

**Séimí:** Fuistigí bomaite!

*(Faigheann Máirtín aird an ranga.)*

**Máirtín:** Is iontach go ndéanann crúiscín folamh cuid mhór trup! ...ach nuair a líonann tú é is iontach go mbíonn fuaim níos pléisiúrtha ann, agus thig rudaí a fhás sa chrúiscín. Sin rud iontach fan saol, tá rogha againn, crúiscín folamh nó lán!

**Seoirse:** Ní thuigim, cad é atá tú ag rá? Bhfuil tú ag iarraidh mé é a líonadh duit?

**Caitlín:** Ní sin an rud atá sé ag maíomh, éist leis agus tuigfidh sibh é.

**Máirtín:** Tá sé mar seo, tá ár gcrúiscín folamh, agus mar sin tá gach seans go gcaithfidh muid uainn é. Níl úsáid ar bith leis agus tá sin amhlaidh anois a dhaoine uaisle!



**Caitlín:** Tuigim do scéal. Éist gach duine. Tá muid folamh agus muna dtig linn feabhsú beidh muid caite amach agus ní fhásfaidh muid, cosúil le crúiscín folamh.

*(Tá an rang uilig scanraithe agus beaguchtach orthu. Déanann siad iarracht ar fhoghlaím arís.)*

**Dónal:** A Dhia, níl seo ag obair, níl mé ábalta cuimhneamh ar rud ar bith!

**Aoife:** Mise ach oiread, tá barraíocht ann le foghlaím agus tá mé measctha suas.

**Sábha:** Ohhh! Tá muid...tá muid...tá muid...tá muid ag gabháil go dtí scoil na ngirseacha. Waaahhhh!

**Máire:** ‘S na seansciortaí móra fada, ‘s níl cead acu peil a imirt!

*(Tá an rang tríd a chéile, ach seasann Máirtín suas agus socraíonn sé iad.)*

**Máirtín:** Éistigí, ná cailligí uchtach, b’fhéidir go dtig liom cuidiú libh!

**An rang:** Cén dóigh?

**Dónall:** Tá tú ag cur amú do chuid ama, ní thig le duine ar bith cuidiú linn, sin an rud a dúirt an máistir.

**Nuala:** Sin an rud a deir sé i gcónaí!

**Máirtín:** Ní thig liom ach sibh a threorú píosa den bhealach, caithfidh sibh cuidiú libh féin. Sin an dóigh atá mise i gcónaí, ag foghlaím le solas mo chroí.

**Micheál:** Inis dúinn, agus déanfaidh muid gach rud a thig linn, rud ar bith ach scoil na ngasúr, le do thoil!

**Máirtín:** Tá sibh ag foghlaím dán ‘Raifteirí an File’ nach bhfuil?

**Sábha:** Tááááá, ach tá sé ró-dheacair domsa!

**Máire:** Ní thuigimid é, níl tús na deireadh air. Deir an máistir linn é a fhoghlaím agus nach bhfuil feidhm orainn ceisteanna a chur faoi! Bhfuil fhios agatsa é?

**Máirtín:** Sé ró-mhaith atá fhios agam é a chara. ‘Mise Raifteirí an File...’ Le súile gan solas, le ciúnas gan crá.’ Ciallaíonn sin gur fear é cosúil liomsa, súile gan solas, dall... ach ‘dul siar ar mo aistear le solas mo chroí’ is é sin, arís cosúil liomsa, ag brath ar éisteacht, mothú agus croí mhaith chun mo bhealach a dhéanamh ansin. ‘Féach anois mé mo chúl le balla, ag seinm ceoil do phócaí folamh! Bhal níl mé ag rá go bhfuil sibh bocht, ach is cinnte go dtig linn an crúiscín a líonadh, cad é bhur mbarúil?

**Máire:** ‘Le súile gan solas, le ciúnas gan crá, tuigim anois é!

**Sábha:** Dul...siar...ar...m'aistear...le solas mo chroí.

**Rang go léir:** Fan agus tuirseach go deireadh mo shlí!

**Treasa:** Tá sin dochreidte, bhfuil fhios agat go bhfuil muid ag iarraidh sin a fhoghlaim le coicís!

**Máirtín:** Cuir roinnt uisce sa chrúiscín. Anois tá sin níos fearr! (*Tap tap.*)

**Seoirse:** Déanann an dán sin ciall anois, bhfuil fhios agat na táblaí?

**Máirtín:** Táblaí, bhal tá fhios ach caithfidh mé m'am a ghlacadh leo.

**Treasa:** Glac d'am a Mháirtín, an dtig leat cuidiú linne, b'fhéidir iad a mhíniú dúinn?

**Máirtín:** Agus cén tábla atá sibh ag foghlaim?

**Eoin:** Ó na bí ag caint liomsa fá tháblaí, dóbair nár bhain sé an cloigeann díomsa níos luaithe. Níl mé ábalta cuimhneamh ar uimhreacha, is cuma cad é, ag suimiú agus méadú bím measctha suas ar fad. Tá muid ar thábla 7.

**Máirtín:** Druidigí bhur súile agus déan pictiúr de gach rud a deirim.

**Nuala:** Tá sé dorchá anois!

**Rang uile:** Sssshhhh Nuala!

**Máirtín:** Mar seo cuimhnígí, 7x nóid, sin é nimhní, 7x1, sin mar a bhíonn 7 7x2, cosúil le bó, cloigeann amháin, ceithre chos, 1 agus 4 sin 14. 7x3, cosúil le Rí, dhá shúil ghearra agus corrán amháin, 2 agus 1. 7x4, bróga leathair, beirt de dhíth agus saghas 8 mo chos, 2 agus 8 sin 28. 7x5 cosúil linn uilig, itheann muid dinnéar idir trí agus cúig, sin 35, 7x6 idir oíche agus lá, ceithre uair fichead, carr roimh an bheathach, 42.

**Máirtín:** Bhfuil sibh ag iarraidh níos mó?

**An rang go léir:** Tá, tá, tá!

*(Téann siad le chéile go ciúin ar feadh seail. Ritheann an máistir ó chúl an ranga.)*

**Máistir:** Suígí síos ar a laghad, spréite thart ansin mar bheadh naíonáin ag éisteacht le scéal. Nach dtuigeann sibh gur sin an cigire agus tá sí leis an scoil a dhruidim muna bhfuil muid suas go dtí meadar an R-R-R-Roinnnn! 'Gheall ar Dhia bhfaca aon duine mo chuid nótaí?

**Nuala:** Gheobhaidh mise iad...seo anseo na nótaí. Bíonn tú ag staidéar seo go minic! (*Tógann sí Irisleabhar, Golf Weekly nó Pro Golf.*)

**Máistir:** In ainm Dé cuir sin i bhfolach! Bhfuil tú ag iarraidh í an scoil a leagan anois láithreach?

**Máistir:** Seo na nótaí! PHEW! Ach cad é an mhaith, le scaifte cosúil libhse ag teacht roimpi beidh sí le hiompar amach leis an scanrú a gheobhaidh sí nuair a chluinfidh sí na 'hEinsteins' atá agamsa istigh anseo! Seo bhal, imeoidh mé cosúil le huan chuig an Mhac Tíre.

*(Imíonn an máistir go cúl an ranga chuig an cigire.)*

**Treasa:** Wow! Anois tá a fhios agamsa na táblaí sa deireadh thiar thall!

**Aoife:** Agus mise, tá siad i bhfad níos fusa anois.

**Saoirse:** Tá muid sábháilte, ní bheidh blazer ar bith ormsa anois.

**Máirtín:** Líon an crúiscín píosa beag eile le do thoil.

*(Líonann siad braon uisce sa chrúiscín. 'Tap-tap'.)*

**Máirtín:** Sin an mhata, cad é eile?

**Seoirse:** Cén abhainn is faide sa tír, shíl mise gur abhainn an Luinnigh. Tá sé in aice le mo theach. Bhí mé ag iarraidh dul ag iascaireacht ann an samhradh seo chuaigh thart ach dúirt mó mháthair go mbeinn caillte san abhainn, tá sé ró-mhór!

**Máirtín:** 'sé an contúirt a bhí mór, déarfainn! Ach le freagra ar do cheist, is iomaí abhainn atá i mo chionn, an Fheabhail, an Lagán, an Life, an Laoi, ach an abhainn is faide sa tír dar linn, ná sileadh Abhainn an tSionainn.

**Saoirse:** Is iomaí abhainn...

**Máirtín:** ...atá i mo chionn...

**Seoirse:** An Fheabhail, an Lagán, an Life agus an Laoi, srl.

**Máirtín:** Maith thú a Sheoirse, anois tá a fhios agat roinnt de na príomhaibhneacha sa tír, agus an abhainn is faide.

**Treasa:** Dtig leat fanacht go dtí deireadh an lae, agus an tseachtain seo chugainn, le do thoil?

**Máirtín:** Bhal...tá an crúiscín níos láine anois ná mar a bhí, seans nach mbeidh sé caite amach.

**Mícheál:** Fuist, ar ais go dtí na suíocháin, seo ag teacht iad, fear a' Bhirdie agus an Birdie eile!

# Radharc 3

**Máistir:** Cinnte a dhuine uasail, seo chugat an rang...tá súil agam go mbeidh siad ceart go...

*(Arís gearrann an Cigire isteach ar chaint an mháistir.)*

**Cigire:** Mar is eol dóibh is mise cigire ón R-R-R-roinnnn agus caithfidh mé roinnt ceisteanna a chur oraibh! Tusa, inis dom, cad é 7x2?

**Máire:** Mise?

**Cigire:** Sé tusa! Tapaigh! (*Clic, clic.*)

**Máire:** 7x2...cosúil le bó...

**Cigire:** Gabh mo leithscéal?

**Máire:** Cloigeann amháin agus ceithre chos...14!

**Cigire:** Hmmm! 7x5, duine ar bith?

**Eoin:** 7x5... (*Tá sé ag cuntas méara ar dtús ach ansin:*) Cosúil linn uilig, itheann muid dinnéar idir 3 agus 5, sin 35!

**Cigire:** An-suimiúil ar fad! 7X7, eh, tusa le do lámh in airde.

**Nuala:** 7x7...

*(Tá an máistir ag cúlú ag an phointe seo agus aghaidh an bháis air.)*

**Cigire:** 7x7? Gasta!

**Nuala:** 7x7 fear an phoist ag teacht, uimhir dhoras na scoile, sin 49!

**Cigire:** Tchím! Tíreolas, liosta príomhaibhneacha na tíre agus tabhair dom an abhainn is faide agus cuirfidh mé ceist ort...

**Saoirse:** Mise, mise le do thoil!

*(Tá díomá an domhain ar an mháistir, bíonn sé ag iarraidh comharthaí a dhéanamh le Saoirse chun cosc a chur air freagra a thabhairt.)*

**Cigire:** Sé, maith go leor, lean ar aghaidh!

**Seoirse:** Fan bomaite, ní Abhainn an Luinnigh cibé.

**Máistir:** NÍ HEA! Ní...Abhainn an Luinnigh...

**Seoirse:** Is iomaí abhainn atá i mo chionn, an Fheabhail, an Lagán, an Life, an Laoi, ach an abhainn is faide sa tír dar linn, ná sileadh Abhainn an tSionainn.

**Cigire:** Sé go díreach, maith thú tá tú iontach eolach ar thíreolas.

**Máistir:** Tá...chuirfeadh sé iontas ort an t-eolas a fuair sé...atá aige?

**Cigire:** An dán atá sibh á fhoghlaim, gabh mo leithscéal, atá ar eolas agaibh, ba chóir go mbeadh sé ar eolas agaibh 'Raifteirí an File'. Ba seo an dán ab fhearr liom i gcónaí, cad a shíleann tú a mháistir?

**Máistir:** Oh cinnte, dán ar dóigh, iontach SIMPLÍ, ach domhain!

**Cigire:** Maith go leor cé a déarfais an dán dom mar sin?

*(Roinnt lámha in airde ach siúlann sí a fhad le Sábha.)*

**Máistir:** Ehh! Caitlín, abair thusa an dán, maith an ghirseach!

**Cigire:** No! Tusa, abair thusa an dán dom.

**Sábha:** Mi...Mi...M-M-M.

**Máirtín:** Druid do shúile a Shábha, agus bain úsáid as solas do chroí!

**Sábha:** Mi...Mi...Mise Raifteirí an File, lán dóchas 's grá, le súile gan solas. Le ciúnas gan crá. *(An rang uilig ansin.)*

*(Tá an máistir chóir a bheith ag titim as a sheasamh, ní thuigeann sé cad é atá ag tarlú don rang.)*

**Cigire:** Bhal, sin mo chuairt déanta. Caithfidh mé scairt a chuir ar an R-R-R-oinnnnn anois láithreach!

**Máistir:** Maith go leor, bhfuil tú ag druidim na scoile?

**Cigire:** Ag druidim na scoile seo? Ní shílím go bhfuil, inniu cibé!

*(Tugann sí píosa páipéir don mháistir agus fágann sí slán ag an rang. Máistir ina shuí ag amharc ar an pháipéir os a choinne.)*

**Eoin:** Bhal, cad é deir sé?

**Máistir:** Ní chreidim é! Sásúil ar fad, tá muid sábháilte a pháistí!

*(Tá an rang uilig sásta, ach i lár na steille ní aithníonn siad Máirtín ag imeacht amach.)*

**Máistir:** Cad é faoin spéir a tharla istigh anseo inniu, shíl mise gur scaifte bómán a bhí agam? Cad é an dóigh a raibh sin uilig ar eolas agaibh agus mise ag bualadh mo chloiginn den bhord le seachtain nó níos mó?

- Máire:** Le solas ár gcroí a mháistir.
- Máistir:** Le solas...cad é?
- Seoirse:** Le solas ár gcroí, 'sé Máirtín a d'fhoghlaim dúinn conas é seo a dhéanamh, nach tú a Mháirtín...
- Treasa:** Cá bhfuil sé?
- Sean:** Tá sé imithe ar fad agus ní fhaca muid é ag imeacht?
- Aoife:** 'Sé muid féin a bhí dall agus thaispeáin Máirtín dúinn conas an saol a fheiceáil go soiléir.
- Eoin:** Tá an crúiscín lán a mháistir, amharc!
- Máistir:** Má tá féin, cén difear. Seanchrúiscín a bhí mé réidh le caitheamh amach. Tabhair dom sin!
- Micheál:** Ná caith! Sin eolas an domhain istigh ansin, gach rud a d'fhoghlaim muid inniu!
- Séimí:** Agus má bhíonn sé folamh, tá muid féin folamh. An dtuigeann tú a mháistir?
- Máistir:** Stopaigí, cad é atá i ndiaidh tarlú, crúiscín, eolas an domhain, bhfuil sibh uilig craiceáilte?
- Treasa:** Níl a mháistir, an dtig linn tábla úr a fhoghlaim, le do thoil?
- Nuala:** Le do thoil, na táblaí uilig.
- Seoirse:** Sé agus níos mó tíreolais, cnoic, bailte, farraigí agus achan rud!
- Dónal:** Dtig linn aiste a scríobh?
- Máistir:** Stopaigí, tá mé ag cluinstin rudaí! Tá rud inteacht contráilte, cigire sásta leis an rang, táblaí ar eolas de ghlanmheabhair, tíreolas!
- Sábha:** Dtig linn dán úr a fhoghlaim, sula rachaidh muid 'na bhaile a mháistir, a mháistir, a mháistir...
- Máistir:** (*Amharcann sé ar Shábha le súile móra agus béal lán oscailte.*)  
Sábha ag iarraidh dán úr! (Titeann sé i laige i lár an urláir.)
- Séimí:** Tá sé ag feiceáil go leor 'Birdies' anois!

*(Tosaíonn an rang uilig ag gáire, buaileann an clog agus ritheann siad amach d'am lóin. Músclaíonn an máistir agus amharcann sé thart.)*

**Máistir:** Ag brionglóidí a bhí mé, heh, heh, heh! Sábha ag iarraidh dán úr, na táblaí ar eolas, cigire ón roinn sásta leis an rang seo, 'gheall ar Dhia bheadh sin greannmhar!

*(Tig Sábha isteach agus bláthanna léi, cuireann sí sa chrúiscín iad.)*

**Sábha:** Bhal a Mháistir, seo bláthanna dar gcrúiscín, fásfaidh siad anois le eolas an tsaoil agus le solas mo chroí!

*(Imíonn sí amach agus titeann an máistir i laige arís.)*